



2008. M72T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

INNEALTÓIREACTH – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

Dé hAoine, 20 Meitheamh, MAIDIN 9:30 – 12:00



Freagair **ROINN A** agus **ROINN B** de Cheist 1 agus trí cheist eile.

THALL→

ROINN A – 30 marc

Freagair sé cinn ar bith díobh seo a leanas go hachomair:


- (a) Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a ghlacadh agus plaistigh á dtéamh agus á bhfoirmiú.
- (b) Luaigh an cuspóir atá ag na bandaí daite ar an bhfriotóir fosaithe a thaispeántar.
- (c) Sainnigh **dhá** chóimhiotal copair **ar bith**.
- (d) Luaigh sampla **amháin** den fheidhm atá ag meicníocht raca agus pinniún.
- (e) Mínigh an téarma *glanoiúint* idir seafta agus poll ann.
- (f) Ainmnigh **dhá** chineál snáithchrutha.
- (g) Cad a thuigtear leis an téarma Ríomhrialú Uimhriúil (CNC)?
- (h) Ainmnigh an gléas tomhais a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá aige.



ROINN B – 35 marc

Freagair trí cinn ar bith díobh seo a leanas:



- (i) Déan cur síos ar fheidhm agus ar oibriúchán **ceann amháin** díobh seo a leanas:
Crágán neamhspleách ceithre ghiall, Meicníocht raicín agus ceapachóir, Tomhsaire braite.
- (j) Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí ríomhaireachta seo:
Gréasán, Maide cuimhne, Scanóir, DVD.
- (k) Sainmhíneigh neart teanntachta maidir le hairíonna miotal agus luaigh feidhm **amháin** inar gá do mhíotal a bheith láidir ina theannas.
- (l) Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:
Tiomáint ulóige, Clár ciorcaid priontáilte Péistghiar, Tomhsaire plocóide.
- (m) Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar agus sainnigh páirt **amháin ar bith** de na páirteanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.



Ceist 2.

(45 marc)

- (a) (i) Ainmnigh **dhá** fhoirnéis nua-aimseartha a úsáidtear chun cruach a tháirgeadh.
(ii) Déan sceitse de **cheann amháin ar bith** de na foirnéisí a sainithníodh in 2(a)(i) agus mínigh cén chaoi a n-oibríonn sí.
- (b) Ainmnigh ábhair oiriúnacha a úsáidtear chun **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas a mhonarú:
- (i) Bolta dorais, (ii) Bís mheaisín, (iii) Doirteal cistine, (iv) Tapa.




- (c) Sainithin **trí cinn ar bith** de na miotail seo a leanas mar mhíotal feiriúil nó mar mhíotal neamhfeiriúil:
- (i) Cruach, (ii) Alúmanam, (iii) Iarann teilgte, (iv) Copar.
- (d) Luaigh cineál **amháin** miotail a úsáidtear mar chumhdach cosantach ar cruach.

Ceist 3.

(45 marc)


- (a) Déan cur síos ar na hathruithe a thagann ar airíonna meicniúla cruach ardcharbóin:
- (i) má dhéantar í a théamh go mbíonn sí caordhearg agus má fhuaraítear **go tapa** í;
- (ii) má dhéantar í a théamh go mbíonn sí caordhearg agus má fhuaraítear **go mall** í.
- (b) Sainithin na cóireálacha teasa éagsúla a chuirtear: (i) ar chloigeann agus (ii) ar fhaobhar gearrtha fuarshiséil, mar a thaispeántar.



- (c) Sainithin **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a ghlacadh nuair atá ola á húsáid le linn cóireáil teasa.
- (d) Déan cur síos ar an bpróiseas *screamhchruachana* is féidir a dhéanamh ar chruach ísealcharbóin.

NÓ

- (d) Taispeántar ciorcad neomatach a úsáidtear chun boscaí a stampáil. Mínigh cad a tharlaíonn nuair a bhrúitear brúchnaipe **A** agus nuair a scaoiltear í.



Ceist 4.

(45 marc)

- (a) (i) Déan cur síos ar na difríochtaí idir **dhá cheann ar bith** de na próisis cheangail seo a leanas:

Gástáthú, Nascáil ghreamaitheach, Stuatháthú.

- (ii) Luaigh úsáid oiriúnach **amháin do gach ceann** de na próisis a roghnaíodh in **4(a)(i)**.

- (b) Mínigh, le cúnaimh léaráidí oiriúnacha, an chaoi a dtáirgtear na lasracha ocsaicéitiléine seo a leanas:

(i) Lasair neodrach, (ii) Lasair charbraithe, (iii) Lasair ocsaídithe.

- (c) Mínigh **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas maidir le sádráil:

(i) Stánú, (ii) Flosc, (iii) Gníomhú ribeach, (iv) Ocsaídí.


- (d) Cén fáth a bhfuil sé riachtanach éadaí cosantacha a chaitheamh agus táthú ar siúl?



Ceist 5.

(45 marc)

- (a) (i) Ainmnigh na próisis mhúnlaíthe plaisteach seo a leanas, a thaispeántar ag **A** agus ag **B** thíos.



- (ii) Déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na próisis mhúnlaíthe plaisteach atá ainmnithe agat in **5(a)(i)** agus sonraigh comhpháirt **amháin** a tháirgtear.

- (b) Sainaithin **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a ghlacadh agus bileog aicrileach á gearradh.

- (c) (i) Mínigh, le cúnaimh léaráide, an chaoi a n-oibríonn umar tumbhrataíthe plaisteach.

(ii) Luaigh feidhm oiriúnach **amháin** atá ag an tumbhratú plaisteach.


- (d) Sainaithin mar phlaisteach teirmithéachtach nó mar phlaisteach teirmeaplaisteach an cineál plaistigh a úsáidtear i monarú **gach ceann** díobh seo a leanas.

(i) Bosca lóin, (ii) Hanlaí sáspain.

Ceist 6.

(45 marc)

(a) Sainaitin **trí cinn ar bith** de na páirteanna deile a thaispeántar:



(b) (i) Déan cur síos, le cúnaimh sceitsí, ar **cheann amháin ar bith** de na hoibríochtaí casta deile seo a leanas:

Deileadh barrchaolaithe, Foirbeadh, Druileáil.

(ii) Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar chóir cloí leo san oibríocht chasta a roghnaíodh in **6(b)(i)**.

(c) Luaigh **dhá** chúis gur gá uirlis ghearrtha deile a shocrú sa lár sula dtosaítear ag meaisíníú.

NÓ

(c) Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas maidir le deil CNC:

(i) Stopchnaípe phráinne, (ii) Insamhladh, (iii) Mótár céimneach.


Ceist 7.

(45 marc)

(a) Luaigh **dhá** bhealach **ar bith** chun trastomhas seaftaí a thomhas *go cruinn*.

(b) Déantar poll agus seafta de réir na dtoisí a thaispeántar.

- Luaigh:
- (i) Trastomhas ainmniúil an phoill;
 - (ii) Uas-trastomhas an tseafta;
 - (iii) Íos-trastomhas an phoill;
 - (iv) An cineál oiriúna a bheidh mar thoradh ar chóimeáil an tseafta is mó agus an phoill is lú.




(c) Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag gach ceann díobh.



NÓ

(c) Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na siombailí leictreonacha a bhfuil na lipéid A, B, C agus D orthu sa léaráid chiorcaid.



Leathanach Bán